Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Márta 2026
(OR. en)

6684/26

LIMITE

COMAR 9
JUR 163
COJUR 9
ENV 164

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0373(NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoimisiún Ullmhúcháin agus ag an gcéad Chomhdháil de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoimisiún Ullmhúcháin agus ag an gcéad Chomhdháil de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhua Chinneadh 98/392/CE ón gComhairle[1], d'fhormheas an Comhphobal Eorpach Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 ('UNCLOS') agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de.

(2) De bhua Chinneadh 2024/1830 ón gComhairle[2], d'fhormheas an tAontas an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('an Comhaontú'). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 17 Eanáir 2026.

(3) De bhun Airteagal 66 den Chomhaontú, tá an Comhaontú faoi réir a dhaingnithe, a fhormheasa nó a ghlactha ag Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch, amhail an tAontas.

---

[1] Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1998/392/oj).

[2] Cinneadh (AE) 2024/1830 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, (IO L, 2024/1830, 19.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1830/oj).



PUBLIC

(4) Bunaíodh Comhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú ('Comhdháil na bPáirtithe') le hAirteagal 47(1) den Chomhaontú. De bhun Airteagal 47(4) den Chomhaontú, tá Comhdháil na bPáirtithe le rialacha nós imeachta a ghlacadh di féin de chomhthoil le linn an chéad chruinnithe ('na rialacha nós imeachta') chomh maith leis na rialacha airgeadais lena rialaítear a cistiú féin agus cistiú na rúnaíochta agus aon fhochomhlachta ('na rialacha airgeadais').

(5) I Rún 78/272[3] a ghlac sé an 24 Aibreán 2024, chinn Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe coimisiún ullmhúcháin ('an coimisiún ullmhúcháin') a bhunú chun ullmhú do theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus chun ullmhú do thionól an chéad chruinnithe de Chomhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú, coimisiún a dtiocfaidh deireadh leis ag deireadh an chéad chruinnithe sin.

(6) De bhun mhír 9 de Rún 78/272 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, tá sé beartaithe go ndéanfaidh an coimisiún ullmhúcháin cinntí ag a chruinniú críochnaitheach maidir leis na moltaí a dhéanfar le Comhdháil na bPáirtithe maidir leis na rialacha nós imeachta agus na rialacha airgeadais.

---

[3] Rún 78/272 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a glacadh an 24 Aibreán 2024 maidir leis an gComhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.



PUBLIC

(7) Ar bhonn na moltaí arna ndéanamh ag an gcoimisiún ullmhúcháin, ullmhófar na cinntí a bheidh le glacadh ag Comhdháil na bPáirtithe ag a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla de réir bhrí Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ós rud é go mbeidh glacadh na rialacha nós imeachta agus na rialacha airgeadais ceangailteach ó thaobh dlí ar an Aontas. Is leis na moltaí arna ndéanamh ag an gcoimisiún ullmhúcháin a shaineofar substaint agus raon feidhme na gcinntí a d'fhéadfadh Comhdháil na bPáirtithe a dhéanamh amach anseo ag a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla. Ós rud é gur leis na moltaí ón gcoimisiún ullmhúcháin a bheidh le glacadh ag a chruinniú críochnaitheach a chinnfear, ag réamhchéim, na gnéithe substaintiúla agus sonracha de na cinntí a dhéanfaidh Comhdháil na bPáirtithe amach anseo , ba cheart na moltaí sin a chumhdach freisin leis an gCinneadh seo.

(8) Tiocfaidh na cinntí a bheidh le glacadh faoi réimsí inniúlachta an Aontais chomh maith le réimsí inniúlachta na mBallstát. A mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, ní mór, dá bhrí sin, chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinniú críochnaitheach an choimisiúin ullmhúcháin agus i gcéad Chomhdháil na bPáirtithe a shuí. Ba cheart don Aontas tacú le rialacha nós imeachta a éascaíonn feidhmiú agus eagrú éifeachtúil costéifeachtach trédhearcach ordúil na gcruinnithe de Chomhdháil na bPáirtithe, agus lenar féidir rannpháirtíocht iomlán an Aontais mar Pháirtí a áirithiú i gcomhréir leis an gComhaontú.



PUBLIC

(9) Chun a áirithiú go gcisteofar feidhmiú agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe i gceart, ba cheart don Aontas tacú le glacadh rialacha airgeadais agus le hoibríochtú sásra airgeadais lena mbunaítear próiseas cothrom trédhearcach a fhreagraíonn d’imthosca gach Páirtí sa Chomhaontú, d’fhonn a áirithiú go rannchuideoidh gach Páirtí le hinbhuanaitheacht airgeadais an Chomhaontaithe agus lena chur chun feidhme ar bhealach atá cothrom agus comhsheasmhach le hacmhainneacht gach Páirtí rannchuidiú leis. Ina theannta sin, ba cheart d'oibríochtú an tsásra airgeadais, arna bhunú leis an gComhaontú a áirithiú go soláthrófar cúnamh do na Stáit is Páirtithe i mbéal forbartha ina n-iarrachtaí an Comhaontú a chur chun feidhme.

(10) Ní féidir a thuiscint as an gCinneadh seo go ndéanann sé difear ar aon chaoi d’inniúlachtaí faoi seach an Aontais agus a Bhallstáit. Níor cheart a thuiscint as gur féidir leis an Aontas an deis a thapú a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú ach a thagann faoi inniúlacht chomhroinnte. I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an Comhaontú difear do rialacha comhchoiteanna nó nach n-athraíonn sé a raon feidhme, lena n-áirítear an fhorbairt intuartha a dhéanfar orthu amach anseo.

PUBLIC

(11) A mhéid a thagann ábhar na gcaibidlíochta faoi inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstát comhoibriú go dlúth le linn an phróisis caibidlíochta, chun aontacht a áirithiú maidir le hionadaíocht sheachtrach an Aontais agus na mBallstát,

PUBLIC

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chruinniú críochnaitheach den choimisiúin ullmhúcháin agus sa chéad chruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('an Comhaontú'):

(1) tacóidh an tAontas le glacadh rialacha nós imeachta a éascaíonn feidhmiú agus eagrú éifeachtúil costéifeachtach trédhearcach ordúil na gcruinnithe de Chomhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú, agus lenar féidir rannpháirtíocht iomlán an Aontais mar Pháirtí a áirithiú i gcomhréir leis an gComhaontú;

(2) tacóidh an tAontas le glacadh na rialacha airgeadais agus oibríochtú sásra airgeadais lena mbunaítear próiseas cothrom trédhearcach a fhreagraíonn ar imthosca gach Páirtí sa Chomhaontú, d'fhonn a áirithiú go rannchuideoidh gach Páirtí le hinbhuanaitheacht airgeadais an Chomhaontaithe agus lena chur chun feidhme ar bhealach atá cothrom agus comhsheasmhach le hacmhainneacht gach Páirtí rannchuidiú leis, agus lena n-áirithítear freisin go soláthraítear cúnamh do Stáit is Páirtithe i mbéal forbartha ina n-iarrachtaí an Comhaontú a chur chun feidhme.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Comhoibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go dlúth le chéile le linn an chruinnithe chríochnaithigh den choimisiún ullmhúcháin agus le linn na tréimhse idir an cruinniú sin agus an chéad chruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú, d'fhonn aontacht a áirithiú maidir le hionadaíocht sheachtrach an Aontais agus na mBallstát. Beidh seasamh an Aontais comhsheasmhach leis an seasamh a leagtar síos sa Chinneadh seo agus leis na bunphrionsabail a ghabhann leis.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC